Comhairle AE

PRESS GA

PREASEISIÚINT
442/15
12/06/2015

# Clár d'idir-inoibritheacht na seirbhísí digiteacha ISA² — Leagann an Chomhairle amach a seasamh ina leith

An 12 Meitheamh 2015, ghlac an Chomhairle **cur chuige ginearálta maidir le clár chun cabhrú leis na Ballstáit seirbhísí digiteacha idir-inoibritheacha a chur ar fáil (ISA²)**. Is é an aidhm atá leis a chinntiú go mbeidh comhlachtaí riaracháin phoiblí na hEorpa in ann idirghníomhú lena chéile agus leis na saoránaigh agus le gnólachtaí ar bhonn leictreonach gan fabht. Beidh an clár ISA² ag tacú leis an idirghníomhú trasteorann agus trasearnálach. Beidh feidhm aige ó 2016 go 2020.

## Rochtain níos fearr ar sheirbhísí poiblí ar fud an Aontais Eorpaigh

Is den tábhacht é go dtacófar leis an **idir-inoibritheacht** agus le **comhordú** níos fearr a dhéanamh ar na ríomhsheirbhísí Rialtais ar fad le cur le soghluaisteacht na saoránach agus na ngnólachtaí ar fud an Aontais. Le soghluaisteacht, caithfear idirghníomhú leictreonach a dhéanamh go mion minic le comhlachtaí riaracháin phoiblí na mBallstát.

Dá gcuirfí feabhas ar an idir-inoibritheacht, b'fhearrde go mór na seirbhísí a bheadh ar fáil, ar costas níos lú agus ba lú freisin an t-ualach riaracháin. Ag an am céanna, chuirfí le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh.

## Ag tógáil ar an clár reatha ISA

Tiocfaidh ISA ²**in ionad an chláir reatha ISA** a mbeidh deireadh leis ag deireadh 2015, agus déanfaidh sé é an seanchlár a leathnú amach. Faoin gclár ISA, tacaítear le huirlisí chun sínithe leictreonacha a chruthú agus a fhíorú, le córais ríomhsheirbhísí sláinte trasteorann, agus le bogearraí foinse oscailte mar bhun don Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

## An clár nua ISA²

Tá **maoiniú iomlán** ar fáil don chlár ISA 2 don tréimhse 2016-2020 de thimpeall **€131 milliún**.

Beidh an clár ag tacú le gníomhaíochtaí chun réitigh idir-inoibritheachta atá ann cheana a mheasúnú, a fheabhsú agus a athúsáid agus chun réitigh nua a fhorbairt. D'fhéadfadh sé go dtacófaí freisin le gníomhaíochtaí eile, mar shampla measúnú ar na himpleachtaí don teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a bheadh ag reachtaíocht nua an Aontais Eorpaigh, nó bearnaí a aimsiú sa reachtaíocht ar bac iad don idir-inoibritheacht idir comhlachtaí riaracháin phoiblí na hEorpa.

Leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, tugtar isteach forálacha nua le hais bhuntéacs an Choimisiúin, maidir leis na critéir teidlíochta do ghníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mhaoiniú faoin gclár ISA ² agus tugtar isteach freisin critéir d'ord tosaíochta na ngníomhaíochtaí. Tá forálacha ann freisin chun an forluí a sheachaint agus chun an chomhsheasmhacht agus an comhordú a chinntiú le cláir eile de chuid an Aontais.

Chun go nglacfaí é, caithfidh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa an cinneadh a fhormheas. Níor vótáil an Pharlaimint fós maidir lena seasamh.

- An cur chuige ginearálta maidir le clár idir-inoibritheachta ISA2

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press